

Eleathanach306

Dé Luain 19 Samhain 2018

Rugbaí

Bhí Éire agus an Nua-Shéalainn ag imirt rugbaí sa Staid Aviva Dé Sathairn. Bhí an cluiche seo thar cionn. Bhí an bua ag Éirinn. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Éire 16: An Nua-Shéalainn 9.

Seo an chéad uair d'Éirinn an bua a fháil in Éirinn i gcoinne na Nua-Shéalainne. Bhí Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, ag an gcluiche freisin!

Bhí an-áthas ar an slua a bhí ag an gcluiche. Bhí gach duine ag léim agus ag screadach le háthas sa Staid Aviva. Bhí an-áthas ar an mbainisteoir, Joe Schmidt.

Ba é Peter O'Mahony laoch na himeartha. Bhí na himreoirí seo ar fheabhas freisin; Bundee Aki, Devin Toner, James Ryan, Kieran Marmion agus Tadhg Furlong. Scóráil Stockdale úd sa dara leath. Bhí gach duine ar bís.

Maith sibh agus comhghairdeas ón Eleathanach! Éire abú!



Seo grianghraf de dhá chráin dhubha!

Cráin Dhubh

Bhí iascairí amuigh ag iascaireacht agus chonaic siad dhá chráin dhubha. Bhí siad in aice le Cloch Dábhiolla, i mBaile Átha Cliath. D'éirigh leis na hiascairí an dá chráin dhubha a thaifeadadh.

Is feoilteoir í an chráin dhubh. Tá an IWDG (Irish Whale and Dolphin Group) ag déanamh taighde anois. Maireann cránacha dhubha idir 50 - 90 bliain. Tá siad an-trom! (idir 5,500 cg agus 9,000 cg). Itheann siad thart ar 227 cg de bhia gach uile lá. Tá 45 fiacail ag cráin dhubh!

'I'm A Celebrity Get Me Out Of Here'

Is iad Declan Donnelly agus Holly Willoughby na láithreoirí den chlár teilifíse 'I'm a Celebrity'. Beidh deichniúr ag dul chuig an gcampa. Thosaigh an clár cáiliúil Dé Domhnaigh.

Seo liosta de na daoine cáiliúla a bheidh ar an gclár: McVey, Sair Khan, Rita Simons, Nick Knowles, Anne Hegarty, Harry Redknapp, Fleur East, Emily Atack, agus Malique Thompson-Dwyer.

Thosaigh Anne ag caoineadh ag deireadh an lae. Bhí lá dian, fada aici agus bhí sí uaigneach agus tuirseach. Tá cónaí ar an bhfoireann bhúí in Snake Rock agus tá cónaí ar an bhfoireann dhearg in Croc Creek.

Beidh an chéad tasc mór le déanamh ag Emily. Beidh uirthi dul go Viper Pit. Is aisteoir í Emily agus tá eagla uirthi roimh nathracha nimhe. Go n-éirí leat, a Emily!



Na buaiteoirí cáiliúla thar na blianta!